

RÍ AR NA PREABAIRÍ LATHAIGHE

Bhí lochán uisge a bhí lán de phreabairí lathaighe agus ní raibh fhios cé hé an máighistir, chuile cheann mar a chéile. Dubhradar annsin dá mbeadh máighistir nó rí orthab a bheadh ina chomhairleach orthab go mbeadh smacht eicínt orthab. Bhí sé ráidhte go raibh rí ar chuile shórt cineál ins an tsean-aimsir. Chuadar annsin agus agus chuadar a' tóruigheacht rí le cur orthab agus sé an sórt rí a cuireadh orthab maide den dair dhubh. Caitheadh an maide isteach sa lochán acab agus nuair a caitheadh bhí faitchíos mór orthab roimhe i dtosach. Ní raibh fhios acab céard a dhéanfadh sé leob agus shíl siad go gcuirfeadh sé comhairle eicínt orthab.

Níor leig faitchíos dóibh a thaobhachtáil i dtosach. Ach nuair a chonnaic siad nach raibh sé a' corruighe chor ar bith d'imthigh an faitchíos agus thosuigheadar a' teannadh leis sa deire nó go ndeachaidh ceann acab suas ina mhullach uiliug. Nuair a chonnaic an chuid eile acab nach raibh tada dhá dhéanamh leis an gceann a chuaidh ina mhullach is gearr go raibh cuid mhaith acab ann. Ach sa deire bhí gach ar triall ar an maide ina mhullach acab agus ní dhearna sé tada orthab. Dubhradar annsin go mba aisteach an rí é nach raibh a' corruighe ná a' déanamh tada ach mar an gcéadna i gcomhnaidhe. Dubhradar nach mbeidís sásta leis sin agus go gcaithidís rí eile a fháil ina leaba. Chuadar aríst a'tóruidheacht a mhalruit, agus dubhadar leob go bhfuigheadh, ó bhí an rí sin ro-shocair' go gcuirfidhe rí chucab nach mbeadh baileach chomh socair leis.

Cuireadh easconn nimhe annsin chucab. Caitheadh síos sa bpoll acab í. Sé an chéad rud a rinne sí sin do réir mar bhí sí a' tigheach suas leob a bheith da sluigeadh. Thosuigheadar a rith uaithe annsin is a'dul i bhfolach i chuile sgail is poillín ar fhéadadar, is ise a rith orthab.

D'imthigheadar aríst chun bealaigh ag an té a ndeachadar aige i dtosach go raibh an dara rí a cuireadh chucab dá n-ithe 's da marbhadh is nach rabhadar sásta leis. Sé an fregra a fuair siad is tugadh orthab nuair a fuireadar rí socair nach raibh siad sásta leis agus nuair a fuair siad a raibh beochas ann agus a chuir criothnas orthab go raibh cead acab tigheacht leis nó leigint dhó.

D'imthigh na preabairí lathaighe annsin as an lochán an méid a d'fhéad imtheacht ach is beag an ceann a d'fhéad imtheacht nach raibh ithte ag an eascinn.